# AR CHUALA TÚ?



## #ConamaraLáir faoi lán tseoil

**Cuireadh tús spleodrach le Feachtas #ConamaraLáir ar an 16ú Iúil 2021 - Lá Mhic Dara, chun daoine a spreagadh le fiosrúchán a dhéanamh faoi athlonnú chuig an gceantar, agus go mbeidh ocht dteaghlach nua aistrithe againn go Conamara Láir taobh istigh de dhá bhliain. Sin é an sprioc agus coinneoidh muid léi!**

**Is féidir breathnú ar an bhfíseán ar Youtube nó ar suíomh idirlín Chonamara Láír.**

**Go dtí seo, scaipeadh dhá fhíseán mar chuid den bhfeachtas. Ba mhór an onóir dúinn é go raibh comhfhreagraí iarthair Nuacht RTÉ Teresa Mannion linn do Lá Mhic Dara; chomh maith le scéal Mhic Dara agus ár gceantar a fheiceáil ar Nuacht a 6 agus 9 a chlog ar RTÉ News. Bhí muid an-bhuíoch freisin do TG4 agus do Foinse a rinne an feachtas #ConamaraLáir a scaipeadh ar an lá.**

**Seo mar a scríobh RTÉ faoin bhFeachtas:**

***Tá feachtas seolta inniu ag pobal Chonamara Láir, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, le daoine a mhealladh chun cónaithe sa gceantar.***

*Tá cúis speisialta ag baint leis an gcinneadh an feachtas a sheoladh inniu: Lá Mhic Dara atá ann. Is féile mhór bhliantúil é Lá Mhic Dara do phobal Chonamara Láir, áit a bhfilleann diaspóra an cheantair ar a ndúchas ó chian agus ó chóngar. De bharr srianta COVID-19 is ar líne a dhéanfar ceiliúradh ar an gceantar ar fud an domhain i mbliana.*
*Dar le lucht an fheachtais: "Is fáilte chroíúil a chuirfear roimh dhaoine atá ag iarraidh teacht chun cónaithe anseo. Tá cothromaíocht saoil is oibre sa gceantar seo agus deiseanna fiontraíochta ann chomh maith le hionad gteic, atá ina chuid de ghréasán náisiúnta mol digiteach, a chuireann iomaí deis ar fáil do mhuintir na háite, do ghnóthaí nua agus do dhaoine atá ag iarraidh dul i mbun cianoibre."*
*Dúirt Máirín Ní Choisdealbha Seoige ó Fhorbairt Chonamara Láir: "Tá Conamara Láir ar cheann de sheoda cultúrtha na hÉireann agus in ainneoin na ndúshlán ó thaobh laghdú daonra agus imirce, tá borradh le brath sa gceantar le blianta beaga anuas."*





**Ó shin tá #ConamaraLáir á scaipeadh fad fud an domhain.**

**Rinne Shane O'Brien ón Irish Central cur síos maidir leis na deiseanna cianoibre:**

***The area boasts excellent remote working opportunities thanks to its gteic facility, which is part of Údaras na Gaeltachta's national digital hub network. The Irish language body has established state-of-the-art remote working facilities in Gaeltacht communities throughout Ireland to encourage people to relocate or to discourage natives from moving to bigger towns and cities.***

**Is féidir an t-alt iomlán a léamh ar líne.**

Mar chuid den bhfeachtas scaipeadh an dara físéan an tseachtain seo caite, ag insint scéalta pearsanta beirt áitiúil, Fiona Ní Fhlaithearta (ar dheis), láithreoir le TG4, agus Seán Ó Cathasaigh (taobh thíos), fear áitiúil. Leagtar béim sna físeáin ar an gcaighdeán saoil agus na deiseanna den scoth atá ar fáil do dhaoine, do theaghlaigh agus do ghnóthaí i gConamara Láir.



Scaip muid an tríú físeán aréir, áit ar thuig muid léargas ar triúr fiontraithe áitiúil; Evelyn O'Toole, Príomhfheidhmeannach Saotharlann Chonamara Teo, Seán Ó Cualáin, léiritheoir teilifíse agus Titta Jones (taobh thíos ar dheis), Lilly's Eco Clean, ag insint a scéalta gnó, le tuilleadh daoine a mhealladh chun cónaithe agus chun oibre i gceantar Chonamara Láir.






Chun tuilleadh eolais a fháil faoin bhfeachtas, seol ríomhphost chuig eolas@conamaralair.ie.

FCL teo
Forbairt Chonamara Láir

Údarás na Gaeltachta

Lorg MEDIA

ANIAR



# Suantraí Ióga stiúideo

Is i mBéal Cara, Leitir Árd an áit a bhfuil conaí ormsa, Veronica Ní Loideáin agus ina bhfuil mo stiúideo lonnaithe.
Thosaigh mé ag déanamh Ióga agus suaithreacht i Meiriceá blianta ó shin, agus rinne mé mó chuid traenáil i Texas. Tháinig mé abhaile taréis 10 mbliana a chaitheadh I Meiriceá, agus d'oscail mé suas ar dtús le seomra in san Óstán agus dé réir a chéile thosaigh mé mo ghnó fhéin, agus nuair a thóg mé mo theach thóg mé stiúideo lena thaobh.
Déanaim aerial ióga le hammocks, ach is dóigh I ndáiríre an yoga is mó a dhéanaim ná an ióga i gcóir an tsláinte, mar nuair a fhaigheann muid níos aosta teastaíonn an ióga i gcóir pianta agus ailíniú, agus is maith liom é sin. Oibrím chomh maith i scoileanna le gasúir, ag déanamh ióga, staidiúir, féinmhuinín agus mar sin di.
I mbliana, nuair a chuaigh mé ar cuairt ag scoil, chonaic mé na gasúir a raibh aithne agam orthu ó aois óg, agus an tionchar a bhí ag maireachtáil le srianta covid 19 orthu. Mhothaigh mé go raibh na gasúir seo ar nós go raibh rópaí curtha orthu, go raibh siad sáinnithe agus go raibh an spark saghas imithe, agus chuir sé sin brón an domhain orm. Is ansin a rinne mé an cinneadh go dteastódh an fiántas a thabhairt arais in sna gasúir seo, theastaigh uaim 're-wilding' a dhéanamh mar anois go raibh siad ag maireachtáil le an oiread sin rialacha, a bhí curtha I bplé leis an covid agus bhí ruainne beag go anam na gasúir ar iarraidh nó fágtha le covid.
Nuair a bhí a fhios agam go ndéanfaidh mé a leithid seo do champa, theastaigh uaim go mbeadh sé taobh amuigh, bhí a fhios agam go mbeadh sé ag an fharraige, mar tá an oiread sin leighis san fharraige, sa nádúr, sa chultúr. Chuaigh muid amach go Fínis chun an áilleacht agus na sean tithe a fheiceáil, rudaí atá béal dorais againn, agus nach raibh sé d'am againn iad a fhéiceál cheanna. Ní raibh muid dhá bhrú sios I muineál na gasúir, ach díreach iad a thabhairt ann agus ní raibh aon rialacha, seachas na cinn a bhí orainn a chuir i bhfeidhm, scaoil muid leis na gasúir, le bheith saor, agus saoirse a bheith acu, d'fheicfeá chuile lá iad agus iad ag fáil níos sásta leo fhéin, bhí siad in ann anois rudaí a dhéanamh as a stuaim fhéin, agus níor theastaigh struchtúr gach nóiméad uatha, cé go raibh struchtúr againn fós bhí saoirse ag na gasúir. Dúirt duine dona gasúir 'Is brea liom an campa má tá sé chomh relaxing'.
Theastaigh spás a thabhairt dona gasúir 'iad fhéin a fháil', bhí cuid dá saol fágtha in áit éigin? Dhóibh sin is píosa spraoi agus craic a bhí ann agus níor thuig siad an doimhneacht a bhí ann. Ag breathnú ar na gasúir seo ag spraoi le chéile, bhí siad ina n-aonar agus an oiread dochar déanta ag covid.
Ní raibh na rialacha, gan cead barróg a thabhairt dá chéile, spraoi le chéile, ná an scaradh sosialta nádúrtha na sláintiúil. Bhí sé go hálainn, ag breathnú orthu, gasúir as gach áit, as Corcaigh, as lár tíre, agus Conamara ag cuir aithne ar a chéile agus ag baint sult as an saol. Dúirt gasúr eile 'Nil mé ag iarraidh dul abhaile, Tá mé ag iarraidh fanacht ar an gcampa.
' Bhí ógánaigh áitiúla linn ar an gcampa freisin ag roinnt a gcuid ceol agus taithí éagsúla linn, agus bhí sé go deas go raibh na gasúir óga ag breathnú ar na 'cool kids', ag labhairt Gaeilge. Ceapann mise go bhfuil sé sin







níos éifeachtaí go bhfeictear é seo in áit a bheith ag brú ar dhuine, go n-oibríonn sé níos fearr. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le gach duine a chabhraigh linn an campa seo a reachtáil agus dona páistí a ghlac páirt. Buíochas do Mhuintearas a thaca linn, do Phleanál Teanga a thug hudaí dúinn chun muid a choinneáil té. Buíochas mór ag dul don foireann ar fad a bhí tharr barr, siad sin: Mae Uí Chathasaigh, Éabha Ní Chathasaigh, Elaine Breathnach, Elaine Ní Niaidh, Róisín Ní Chlochartaigh, agus Ciara Ní Loideáin.
Mar fhocal scoir, fagtha mé sibh le ráiteas ó dhuine eile dena gasúir. 'Tá an campa seo amazing!!!'







## Cúrsa Muireolaíochta 2021

Reachtáladh an chéad Cúrsa Muireolaíochta tré Ghaeilge idir an 5ú-9ú Iúil agus tá an-áthas orainn a chuir in iúl go bhfuair muid aiseolas dearfach óna tuismitheoirí.
Thug an cúrsa seo eolas bunúsach dona scoláirí faoi eolaíocht na mara ag clúdach ábhair ar nós ár bpobal chósta, an fharraige oscailte, an fharraige dhomhain, truailliú agus imscrúdú ar an nasc atá idir na daltaí féin leis an bhfarraige timpeall orthú. Le linn an chúrsa bhí na daltaí i mbun turgnaimh agus rinne siad taighde agus bhailigh siad sonraí a bhain leis an gcósta timpeall orthu. Ins an seomra ranga nua idirghníomhach, spreagadh na daltaí chun a gcuid smaointe féin a fhorbairt, ceisteanna a chur agus teacht ar réitigh ar an dúshláin reatha atá roimh thimpeallacht na mara.
Buíochas ó chroí leis an múinteoir iontach, Róisín Ní Bhriain, agus an cúntóir Fiona Bhreathnach. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh freisin le Scoil Phobail Mhic Dara agus Scoil Cholmain as ucht an ceadúnas a thabhairt chun na seomraí ranga a úsáid.
Ar ndóigh, comhghairdeas mór leis na scoláirí iontacha a chríochnaigh an cúrsa agus a bronnadh teastais críochnaithe, t-léine agus mála féiríní orthu, de bharr an obair a chuir siad isteach.

# West Coast Bikes

-Colm Ó Neasa &
Seán Ó Cuirrín

Ní inniu ná inné a bhuail an smaoineamh chun comhlacht rothair a bhunú sa mbaile.

Fuair muid an bunsmaoineamh nuair a thug an bheirt againn grúpa scoláirí ó Chluain Meala go Ciarraí tuairim chúig bhliana ó shin. Dúirt fear an chomhlachta ansin linn na bun rudaí a bhaineann leis agus shocraigh muid macasamhail a dhéanamh in Iorras Aithneach. Caol sheans go mbeadh aon rud déanta againn leis murach an aicíd seo - thug sé am dúinn díriú isteach air agus tabhairt faoi. Tá muid timpeall dhá mhí ar bóthar anois agus tá ag éirí go maith linn. Dúradh linn go dtógfaidh sé tuairim dhá bhliain sular mbeidh an comhlacht in ann seasamh ar a chuid cosa féin. Feicfidh muid linn agus idir an dá linn coinneoidh muid ag obair, ag foghlaim agus ag baint sásamh as.

Tá scór rothar againn, idir fhir agus mhná, rothair do ghasúir freisin agus muid ag obair amach as Ionad Pobail Chill Chiaráin. Shocraigh muid pacáistí a chur ar fáil ar nós seoltóireacht sa Mc Hugh le Donal Josie Sheáin Jeaic amach i gcuan Chill Chiaráin agus tabhairt faoin uisce agus dul ag cadhcáil le Micheál Ó Maoileáin ar An Áird Mhóir. Sa gcaoi sin is féidir le daoine lá iomlán a dhéanamh de in Iorras Aithneach agus sult ceart a bhaint as an áit.

Ní dhearna muid é seo linn féin agus fuair muid go leor cúnamh le linn an bhealaigh. Bhí Údarás na Gaeltachta an-flaithiúil agus thug siad tacaíocht airgid dúinn. Tá muid an-bhuíoch as sin. Ba é Michéal Ó Clochartaigh, an bainisteoir ar phlean forbartha d'Iorras Aithneach, a thug an oiread sin treoir, cúnamh agus comhairle dúinn ón tús.

Tá an comhlacht beag seo ag fás leis agus é i mbláth na hóige. Ba mhaith linn a rá go mbeidh daoine á fhostú againn amach anseo ach cá a fhios. Caithfear a bheith dóchasach agus coinneáil leis.





# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Sinéad Ní Mhullaoidh (Príomhoide Scoil na hÁirde Móire & Ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir)

**1.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Táim i mo chonaí ar an gCeathrú Rua.
**2.Ar fhás tú suas in sa ceantar seo?** Tógadh ar an gCeathrú Rua mé.
**3.An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Tá mé thar a bheidh sásta, chaith mé roinnt blianta i mo chonaí i mBaile Átha Cliath ach bhí mo chroí i gconaí sa mbaile. Tá an t-ádh liom go bhfuilim ag múineadh i scoil láidir Ghaeltachta agus go bhfuil an sean nós go láidir mór thimpeall orainn. Táim sásta go bhfuilim ag tógáil mo chlann sa nGaeltacht agus go dtabharfaidh siad an teanga agus na traidisiúin leo freisin.
**4.Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** Ba bhreá liom an cartún 'Bouli' nuair a bhí mé ag fás aníos. Is dócha, ag breathnú siar ar anois, gur mar gheall go raibh sé i nGaeilge gur thaitin sé chomh mór liom, ní raibh mórán eile ar an teilifís i nGaeilge sular tháinig TG4.
**5.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Usáidim an Ghaeilge go laethúil, le mo chlann, mo chairde agus ag mé i mbun mo chuid oibre.
**6.An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá gliondar orm gur trí Ghaeilge ar fad a dhéanaim mo chuid oibre.
**7.Céard é an béile is fearr leat?** Ní bhuaileadh tada dinnéar breá stéig le oiniúin rostaithe.
**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Níl boladh níos deise ná boladh mo chuid gasúir i mo ghóil tar éis folcadán.
9.Céard é an deoch is fearr leat? Oláim an t-uafás caife. Is aoibhinn liom é.
**10. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom a bheith ag snámh sa bhfarraige. Nach aoibhinn dúinn na tránna áille atá thart orainn.
**11. An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Nuair a chuaigh muid go dtí an Nua Shealainn le haghaidh mí na meala. Chaith muid trí seachtainí ag taisteal an dá oileán. Tír álainn, a bhfuil an-chosúil le hÉirinn ar bhealaí. Tá an t-uafás le déanamh agus le feiceáil ann idir sciáil agus oighearshruthanna ar an t-oileán ó dheas agus géasair agus lochanna geoiteirmeach ar an t-oileán ó thuaidh.
**12. Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Taitníonn réimse leathan ceol liom idir ceol traidisiúnta, ceol tíre agus pop cheoil.
**13. Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Is maith liom scannán grinn nó 'thrillers'.
**14. Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Is breá liom leabhair, bainim an-taitneamh as leabhair ficsean stairiúil ar nós 'The Kite Runner'.
**15. An noiméad don lá is fearr leat?** Is é an noiméad is fearr don lá ná nuair a bhím ag ól mo chéad bholgam caife ar maidin ag smaoineamh ar an lá agus na féidearthachtaí atá amach romham.
**16. An rud is mó a ghoileann ort?** Goileann sé orm nuair a dhéantar leatrom ar dhaoine.
**17. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéim slainte ort?** Buíochas le Dia ní raibh mé féin nó aon duine bainteach liom tinn. Ba bhuntáiste dom go bhfuair mé an deis níos mó am a chaitheamh ag baile le mo chlann.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



**Ba é téama na míosa seo ná 'Faoi Lán tSeoil' agus cinnte tá sé sin le feiceáil go soiléir sa ngrianghraf álainn seo. Comhghairdeas mór leis an mbuaiteoir, Máire Éinniú, a thóg an pictiúr i gCill Chiaráin.**
**Buíochas le Lorg Media a a bhí i mbun moltóireachta dúinn an mhí seo.**
**Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Iúil chun bhur sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.**

## Logainm na Míosa

*CARNA*

*Dar le Tim Robinson, tagann an t-ainm ó Charn/'Cairns', nó carnán clocha.*

## Seanfhocal na Míosa:

*Tá lán mara eile san fharraige*

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.